*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Bunscoil Cholmcille
## Doire

## Dáta na Cigireachta: Eanáir 2009

# CLÁR

**Cuid** **Leathanach**


| | | |
|---|---|---|
| | EOLAS STAITISTIÚIL | |
| 1. | RÉAMHRÁ | 1 |
| 2. | TORTHAÍ AGUS CAIGHDEÁIN | 2 |
| 3. | CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR | 3 |
| 4. | CEANNAIREACHT AGUS BAINISTÍOCHT | 6 |
| 5. | CONCLÚID | 8 |
| 6. | NAÍSCOIL DHOIRE | 8 |
| | EOLAS STAITISTIÚIL (NAÍSCOIL DHOIRE) | |
| | FOSCRÍBHINN | |

## BILEOG BHUNEOLAIS (BB) - BUNSCOILEANNA

A. i. **Scoil: Bunscoil Cholmcille**
**Doire**
ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 203-6574**

iii. **Dáta na Cigireachta: 19.01.09**
**seachtain dar thús:**
iv. **Cineál Cigireachta: Fócasaithe**

B.

| **Scoilbhliain** | **2004/05** | **2005/06** | **2006/07** | **2007/08** | **2008/09** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iontrála Bhliain 1 | 30 | 13 | 21 | 22 | 22 |
| **Rollachán**<br>Bunscoil | 159 | 147 | 137 | 33 | 135 |
| Réamhrang | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Naíonra | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 |
| Aonad Speisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Is é an líon ar lá fógartha na cigireachta an líon rollacháin don bhliain reatha.
Do na blianta roimhe sin, is é an líon atá sna tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais.
Is ar rollachán iomlán na bunscoile agus an réamhranga amháin ba chóir na háirimh ag C agus ag D a bhunú.

C. Meántinreamh don scoilbhliain roimhe seo
(ina chéatadán): 93.40%

| | **Bunscoil & Réamhrang** | **Naíonra** | **Aonad Speisialta** |
|---|---|---|---|
| D. i. Líon Múinteoirí (príomhoide & múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (coibhéis lánaimseartha = 25 uair teagaisc): | 7 | 1 | 0 |

ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoir): 19.29 CDM TÉ: 20.0

iii. Meánmhéid Ranga: 23

iv. Méid Ranganna (Raon): ó 16 go dtí 28

v. Tacaíocht Chúntach
(líon Uaireanta **sa tSeachtain**):
i. Tacaíocht Chléireachais: 36
ii. Tacaíocht Oifigiúil 'Ag Déanamh Tús Maith': 35
iii. Maoiniú ó 'Ag Déanamh Tús Maith' d'uaireanta breise agus do thacaíocht eile ó chúntóirí ranga: 30

vi. céatadán páistí a bhfuil ráitis i dtaobh sainriachtanas oideachais acu 1.48%

vii. céatadán iomlán páistí ar an Chlár Sainriachtanas 25.9%

viii. líon páistí nach bhfuil ar aois scoile reachtúil 0

ix. céatadán páistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce 40.7%

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1 COMHTHÉACS NA SCOILE

Is bunscoil lán-Ghaeilge faoi chothabháil í Bunscoil Cholmcille agus í lonnaithe i gcóiríocht shealadach taobh le Steelstown Primary School, Doire. Is ó limistéar an-mhór a chlúdaíonn ceantair uile na cathrach agus níos faide ar shiúl a thagann na páistí. Tá líon na bpáistí ar an rolla i ndiaidh titim ó 228, an t-uasmhéid, in 1998 go dtí 135 páiste, an figiúr reatha. Tá chóir a bheith 41% de na páistí i dteideal béilí scoile saor ó tháille. Tá timpeall 26% de na páistí liostaithe ar chlár sainriachtanas oideachais na scoile.

### 1.2 FÓCAS

Bhí fócas na cigireachta ar chaighdeán na hoibre sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san uimhearthacht agus, chomh maith leis sin, ar an dóigh a n-úsáidtear an tacaíocht, a bhaintear as teicneolaíocht eolais agus chumarsáide, agus na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint páistí le cúnamh agus deiseanna foghlama agus teagaisc a thabhairt do dhaltaí agus do mhúinteoirí sna réimsí sin.

### 1.3 TUAIRIMÍ NA dTUISMITHEOIRÍ, NA MÚINTEOIRÍ, NA nGOBHARNÓIRÍ, AGUS NA bPÁISTÍ

Mar chuid de na socruithe le haghaidh na cigireachta tugadh deis do na tuismitheoirí agus don fhoireann teagaisc ceistneoir faoi rún a chomhlánú roimh an chigireacht agus tionóladh cruinnithe le hionadaithe ó Bhord na nGobharnóirí (gobharnóirí) agus le grúpa páistí as bliain 6.

Eisíodh 133 ceistneoir chuig tuismitheoirí; seoladh 17% díobh ar ais chuig an Roinn Oideachais (RO) agus bhí tuairimí scríofa breise in 12 acu. Ba léir ó na freagraí a fuarthas sna ceistneoirí go rabhthas an-sásta le hobair na scoile. Pléadh roinnt bheag ceisteanna a ardaíodh leis an Phríomhoide agus leis na gobharnóirí.

Thug ceathrar den fhoireann teagaisc freagraí ar an cheistneoir ar-líne; sna freagraí a thug siad is mór a thacaigh siad le bainisteoirí na scoile agus le gach gné de shaol agus d'obair na scoile.

Phléigh na gobharnóirí an dóigh a raibh siad páirteach i saol agus in obair na scoile. Is mór acu obair chrua na foirne agus a ndílseacht don scoil agus do na páistí. Mhol siad dea-iompar na bpáistí ach nocht siad an buaireamh a bhí orthu faoi dhrochstaid na cóiríochta agus faoin ról a bhí acu sna hiarrachtaí leis an fhadhb a leigheas.

Luaigh na páistí a fheabhas a bhí an taithí acu ar shaol na scoile**.** Dúirt siad go mothaíonn siad sona sábháilte, agus chuir siad in iúl go raibh a fhios acu cad é ba cheart a dheanamh dá mbeadh aon bhuaireamh orthu faoina leas féin agus faoin aire a bhí á thabhairt dóibh.

### 1.4 TRÉADCHÚRAM

Tá caighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim sa scoil an-mhaith. Tá atmaisféar carthanach lán tacaíochta sa scoil agus éiteas ar leith inti atá bunaithe ar thumoideachas Gaeilge. Tá na páistí dea-mhúinte agus díograiseach; tá siad cairdiúil le cuairteoirí agus fonn

orthu labhairt faoina gcuid oibre. Bíonn siad urramach agus iad ag comhoibriú leis an fhoireann agus socraíonn go gasta agus iad ag obair. Tá gnáthaimh na scoile bunaithe go maith agus ord orthu.

### 1.5 COSAINT PÁISTÍ

Tá socruithe sásúla ag an scoil leis na páistí a choinneáil sábháilte. Léirítear sna socruithe go ginearálta an treoir a d'eisigh an Roinn Oideachais ach caithfear freastal ar an réimse seo a leanas:

- is coir don scoil a chinntiú, mar ábhar práinne, go bhfaighidh an ball ainmnithe de Bhord na nGobharnóirí oiliúint fhoirmiúil i gCosaint Páistí.

### 1.6 ITHEACHÁN SLÁINTIÚIL AGUS GNÍOMHAÍOCHT COIRP

Cuireann an scoil an-bhéim ar mhodhanna le nósanna sláintiúla itheacháin agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus mar chuid de sin, mar shampla, spreagtar na páistí le sneaiceanna de thorthaí a ithe gach lá ag am sosa agus am lóin agus buidéil uisce a thabhairt isteach sa rang, agus eagraítear tréimhsí rialta gníomhaíochta coirp amuigh faoin spéir.

### 1.7 NAISC IDIR AN SCOIL AGUS NA TUISMITHEOIRÍ

Tá an scoil i ndiaidh roinnt acmhainní a dhéanamh i ngach gné den churaclam le cuidiú a thabhairt do thuismitheoirí a ról cuí a imirt in oideachas a gcuid páistí. Is le cruinnithe bliantúla agus le tuarascálacha scríofa a thugtar eolas do thuismitheoirí ar dhul chun cinn a gcuid páistí. Cuireann a scoil nuachtlitir fhóinteach amach, rud is cóir a eisiúint níos rialta. Dúirt an Príomhoide go bhfuil pleananna ann le Cumann Tuismitheoirí agus Múinteoirí a athbhunú. Is é polasaí ghobharnóirí na scoile a gcuid gnóthaí uile a phlé i nGaeilge agus dá bharr sin is beag tuismitheoir dáiríre atá ábalta bheith páirteach in obair na scoile ag leibhéal na ngobharnóirí.

### 1.8 NAISC EILE

Tá roinnt nasc idir an scoil agus scoileanna eile go háirithe i gcomhthéacs Gníomhaíochtaí Forleathnaithe Scoile ach is beag nasc eile a bhfuil fiúntas leis idir an scoil agus Gaelscoileanna nó scoileanna Béarla eile. Bíonn na himeachtaí iarscoile a chuirtear ar fáil don na páistí teoranta. Níl ach tionchar teoranta ag an leithroinnt buiséid le haghaidh Gníomhaíochtaí Forleathnaithe Scoile ar an réimse gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil do na páistí. Is mó a rachadh sé chun sochair do na páistí dá mbeadh an pobal i gcoitinne níos páirtí sna gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an scoil.

## 2. **TORTHAÍ AGUS CAIGHDEÁIN**

### 2.1 FOGHLAIM

Is láidreacht mhór de chuid na scoile é go bhfuil dearcadh dearfa ag na páistí ar fhoghlaim agus go léiríonn siad go mbaineann siad sult as na gníomhaíochtaí a phleanáiltear dóibh.

## 2.2 GAEILGE, BÉARLA AGUS LITEARTHACHT

Cruthaíonn na múinteoirí timpeallacht do na páistí atá ar maos i litearthacht agus i dteanga. Is maith atá caighdeán agus éifeachtacht theagasc na Gaeilge, an Bhéarla agus na litearthachta. Faoi bhliain 7 baineann na páistí caighdeáin amach sa Ghaeilge, agus sa Bhéarla atá i gcomhréir lena n-aois agus lena gcumas. Faoi dheireadh eochairchéim 2 bíonn caighdeán na bpáistí i labhairt na Gaeilge an-mhaith.

Sa bhunchéim agus in eochairchéim 1 cuireann an scoil an-bhéim, mar is cuí, ar shealbhú na Gaeilge ag na páistí. Is ábhar ceiliúrtha acu na hiarrachtaí a dhéanann na páistí agus oibríonn siad go crua le go mbeidh dearcadh dearfa ann nuair a úsáideann siad Gaeilge eatarthu féin. Tugtar an Béarla isteach ar bonn neamhfhoirmiúil i rith bhliain 3 agus ar bhonn foirmiúil i mbliain 4. Is cainteoirí féinmhuiníneacha deisbhéalacha Gaeilge agus Béarla iad páistí bhliain 4 agus eochairchéim 2; éisteann siad go maith le treoracha agus tá siad ábalta a gcuid oibre a mhíniú agus a gcuid cinntí agus tuairimí a mhíniú agus a chosaint.

Teagasctar an léitheoireacht go córasach sa bhunchéim agus in eochairchéim 1 agus úsáidtear sraitheanna ar a dtugtar Sraith Loch Laoi, an Dréimire agus Duilleoga. In eochairchéim 2 úsáidtear leabhair léitheoireachta tráchtála grádaithe agus méadaítear na hacmhainní eile a chuirtear in úsáid leo sin, agus úrscéalta agus téacsanna eile san áireamh. Úsáidtear clár grádaithe fónaice le béim mhór a chur ar fhorbairt thuiscint na bpáistí ar an fhóineolaíocht.

Teagasctar léitheoireacht an Bhéarla go córasach ó bhliain 4 ar aghaidh. Scéim léitheoireachta tráchtála atá mar dúshraith don ábhar léitheoireachta agus cuirtear úrscéalta leis sin i bhformhór na ranganna. Tá réimse leabhar oiriúnach ficsin agus neamhfhicsin ar fáil do na páistí i nGaeilge agus i mBéarla sna seomraí ranga agus bíonn leabhair ar taispeáint agus iad bunaithe ar thopaicí do na bliainghrúpaí. Téann na páistí ó bhliain 3 go bliain 7 ar cuairt go rialta chuig Leabharlann Sheantalaimh rud a thugann tuilleadh deiseanna dóibh teacht a bheith acu ar réimse d’ábhar léitheoireachta. Cé go bhfuil páistí saor le réimse leathan d’ábhar léitheoireachta a roghnú caithfear clár pleanáilte léitheoireachta a sholáthar do na páistí is sine in eochairchéim 2, clár a rachaidh níos faide ná na scéimeanna tráchtála atá á soláthar faoi láthair; ba chóir go mbeadh réimse d’úrscéalta dúshlánacha tarraingteacha ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte don duine aonair, don ghrúpa nó don rang iomlán.

Labhraíonn na páistí go díograiseach faoi leabhair agus iad ábalta plé a dhéanamh ar na húdair agus ar na roghanna is fearr leo; léann siad go féinmhuiníneach, le mothúchán agus le díograis; tá fianaise ann go ndéanann ranganna aonair taighde ar an údar is fearr leo. Tá clár forásach fónaice i bhfeidhm agus léiríonn na páistí go bhfuil siad ábalta straitéisí éagsúla a úsáid le focail a dhíchódú. Le linn na cigireachta léigh roinnt múinteoirí os ard do na páistí le tuin chainte, poncaíocht agus friotal a léiriú dóibh. Aithníonn an scoil go gcaithfear coincheap na délitearthachta agus na litearthachta dúbailte a chur chun cinn agus cumas na bpáistí a fhorbairt le scileanna a aistriú ó theanga go teanga agus tuilleadh forbartha ar chleachtadh an Bhéarla a thabhairt do na páistí sa churaclam uile.

Le linn na cigireachta bhí roinnt deiseanna ag na páistí sa bhunchéim agus in eochairchéim 1 scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt agus foghlaim trí shúgradh ar siúl acu, ach caithfear úsáid iomlán a bhaint as na féidearthachtaí foghlama i ngach gníomhaíocht le go dtabharfar cleachtadh dúshlánach fiúntach do na páistí ar an scríbhneoireacht.

Ba léir ón na samplaí oibre a bhí ann i rith na cigireachta go mbíonn deiseanna teoranta ag na páistí scríbhneoireacht a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla ar mhaithe le cuspóirí agus léitheoirí éagsúla. Bhí roinnt samplaí ann d'obair thraschuraclaim ach caithfear deiseanna a thabhairt do na páistí scríbhneoireacht a dhéanamh ar réimse ábhar agus topaicí. Caithfear tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí scríbhneoireacht níos cruthaithí a dhéanamh i stíl lán samhlaíochta agus caighdeán na dtéacsanna clóite a fheabhsú le go mbeidh siad oiriúnach do staid forbartha agus do chumas na bpáistí.

Tá an scoil i ndiaidh clár foghlama litrithe chiúáilte a thabhairt isteach do thuismitheoirí agus do pháistí ar na mallaibh agus tá pleananna ann le scileanna pháistí bhliain 7 a fhorbairt agus piarmheantóirí a dhéanamh dóibh sa scéim. Aithníonn an scoil go gcaithfear cur leis na scileanna agus leis an tuiscint ar an Ghaeilge a forbraíodh sa bhunchéim agus in eochairchéim 1 le go ndéanfar forbairt agus feabhsú ar chumarsáid i labhairt agus i scríobh an Bhéarla. Bíonn caighdeán luaineach ar an obair scríofa a chuirtear i láthair.

### 2.3 MATAMAITIC AGUS UIMHEARTHACHT

Tugann comhordaitheoir na huimhearthachta comhairle agus tacaíocht an-mhaith don fhoireann le teagasc na matamaitice a fheabhsú agus a chur chun cinn agus lena chinntiú go bhfoghlaimeoidh gach páistí na scileanna agus na hinniúlachtaí iomchuí sa mhatamaitic. Tá bunús na hoibre sa bhliain reatha dírithe ar an mheabhairmhatamaitic agus ar na próisis a ghabhann léi agus tá iarrachtaí maithe le sonrú i ngach rang leis na caighdeáin a ardú sna réimsí sin. Baineann formhór na bpáistí sult as a gcuid oibre sa mhatamaitic agus is amhlaidh is mó suilt a bhaintear nuair atá spéis acu san obair agus í praiticiúil agus baint aici le nithe a thuigeann siad. Sna ceachtanna a chonacthas, bhí an obair níos éifeachtaí nuair a thuig na páistí go soiléir na nithe a beartaíodh a d'fhoghlaimeodh siad agus nuair a bhí na gníomhaíochtaí ag cur le nithe a bhí foghlamtha acu cheana agus cuspóir leo. I gcás cuid de na páistí in eochairchéim 2, caithfidh an obair bheith níos dúshlánaí agus ba chóir a chur sa chuntas gur chóir na páistí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar bhealach níos cruthaithí faoin a gcuid oibre agus le bheith ag obair i ngrúpaí. Is tráthúil gur tugadh club matamaitice na hAoine isteach mar ghléas le comhdhlúthú a dhéanamh ar na gnéithe sin den chlár matamaitice a d'aimsigh an fhoireann mar ghnéithe a raibh tuilleadh oibre le déanamh orthu.

Cheannaigh an scoil roinnt clár bán idirghníomhach le déanaí agus tá an fhoireann i ndiaidh oiliúint a fháil ina n-úsáid mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil. Cé go bhfuil múinteoirí aonair ag pleanáil go ndéanfaidh siad comhdhlúthú ar úsáid TEC ar fud an churaclaim, aithníonn an scoil go gcaithfear struchtúr pleanála ar bhonn níos comhtháite a fhorbairt chun an teicneolaíocht atá ar fáil a úsáid le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag teagasc agus do dhaltaí agus iad ag foghlaim.

## 3. CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR

### 3.1 PLEANÁIL

Tá an scoil i ndiaidh polasaithe agus scéimeanna an-úsáideacha a cheapadh don scoil ina hiomláine leis an obair sa litearthacht agus san uimhearthacht a stiúradh. Pleanálann na múinteoirí a gcuid oibre go coinsiasach le haghaidh gach réimse den churaclam. Ullmhaíonn siad féilirí pleanála mionchruinne meántéarmacha agus gearrthréimhseacha; úsáidtear gréasáin topaicí le foghlaim agus teagasc traschuraclaim a fhorbairt agus a spreagadh. Aithníonn an scoil a luachmhaire atá sé na páistí a spreagadh le bheith páirteach sa phróiseas

pleanála, agus le linn na cigireachta bhí fianaise ann go rabhthas ag cur smaointe na bpáistí agus nithe a raibh spéis acu iontu san áireamh agus pleanáil ar siúl le haghaidh téama nó topaice don rang. Sa phleanáil aimsítear torthaí na foghlama a bheartaítear agus roghnaítear ábhair éagsúla mar is oiriúnach lena chinntiú go ndéanfar freastal cuí ar riachtanais éagsúla gach páiste.

Déanann na múinteoirí luacháil rialta ar an fhoghlaim agus ar an teagasc ina ranganna féin ach caithfear an ghné sin den fhaireacháin a fhorbairt lena chinntiú go ndéanfar luacháil ar thorthaí foghlama an duine aonair, an ghrúpa agus an ranga iomláin, chomh maith le luacháil a dhéanamh ar an chur chuige agus ar na hacmhainní, agus go n-úsáidfear an t-eolas sin sa phleanáil a dhéanfar amach anseo.

## 3.2 TEAGASC

Bhí formhór an teagaisc a chonacthas le linn na cigireachta maith, agus an-mhaith uaireanta. Sna ceachtanna uile a chonacthas cuireadh torthaí na foghlama agus na critéir a aimsíodh sa phleanáil a mbeadh rath mar thoradh orthu in iúl do na páistí ag tús gach ceachta. Sa chleachtas is fearr, d'úsáid na múinteoirí modhanna éifeachtacha ceistiúcháin le scileanna smaointeoireachta na bpáistí a ghéarú agus teagascadh na ceachtanna sin ar luas oiriúnach agus buanaíodh suim na bpáistí san obair i rith an cheachta. D'úsáid na múinteoirí seisiúin iomlánacha go héifeachtach le luacháil a dhéanamh ar thorthaí na foghlama a bhí déanta ag an rang iomlán nó ag an duine aonair agus bhí deis an na páistí a inse don mhúinteoir agus dá bpiaraí cá mhéad a bhí foghlamtha acu agus cad é mar a fhéadfaí torthaí ní b'fhearr a fháil. I roinnt ceachtanna nach raibh chomh éifeachtach sin, cailleadh deiseanna foghlama, chaith múinteoirí barraíocht ama ag caint agus ag míniú, bhí an obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí gan éifeacht agus stad páistí de bheith ag tabhairt airde ar an mhúinteoir agus d'éirigh míshocair in amanna. Cé go mbíonn deiseanna ag na páistí bheith ag obair ina mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga, ba chóir tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar cad é a thuigtear as obair i ngrúpaí lena chinntiú go ndéanfar freastal ar riachtanais gach páiste agus ar na nithe a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh gach páiste páirteach go hiomlán sna gníomhaíochtaí. Tá cuid de na seomraí an-bheag agus níl siad idéalach le haghaidh foghlaim ghníomhach imscrúdaitheach agus grúpoibre, ach thiocfadh le múinteoirí an ghné sin dá gcuid oibre a fheabhsú.

Tá cuma gheal spreagthach ar na taispeántais sna seomraí ranga agus is foinsí foghlama iad do na páistí, boird topaicí agus lipéid orthu mar shampla. Is taispeántais tráchtála nó taispeántais de chuid na múinteoirí a mbunús; caithfear tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí a gcuid saothair féin a thaispeáint agus deiseanna a bheith acu saothar a bpiaraí a léamh.

## 3.3 MEASÚNÚ

Tá cur chuige an-mhaith ag an scoil i leith measúnachta. Déanann a scoil rianú córasach ar dhul chun cinn gach páiste agus léiríonn na taifid go bhfuil formhór na bpáistí, maidir le haois agus cumas, ag obair ag na leibhéil sa litearthacht agus san uimhearthacht a bhfuiltear ag dréim leo.

Tugann na múinteoirí roinnt deiseanna do na páistí féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus spriocanna a shocrú le haghaidh feabhsaithe sa todhchaí; tá roinnt fianaise ann chomh maith go ndéantar piarmheasúnú. Tá ceangal an-soiléir idir an measúnú, pleanáil na

múinteoirí agus an cleachtas sna ranganna. Marcálann na múinteoirí an obair go rialta agus uaireanta scríobhann siad tuairimí pearsanta agus nótaí molta faoi iarrachtaí na bpáistí. Ach is léir i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar leabhair na bpáistí nach ndearnadh go leor forbartha ar mharcáil ar mhaithe le feabhsú.

### 3.4 SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS

Soláthraíonn an scoil go maith do riachtanais na bpáistí sin a mbíonn deacrachtaí acu lena gcuid foghlama. Déanann an fhoireann a gcuid pleanála go dícheallach lena chinntiú go mbeidh an obair i gcomhréir le cumas na bpáistí agus go mbeidh sí suimiúil. Is gnách sna ceachtanna go léir go dtugtar tacaíocht agus spreagadh do pháistí aonair. Oibríonn an comhordaitheoir sainriachtanas oideachais (CSO) go crua lena chinntiú go n-aimsítear sainriachtanais oideachais na bpáistí go luath agus tá sí i ndiaidh straitéisí tacaíochta a thabhairt isteach le go gcuirfear ar chumas na bpáistí dul chun cinn a dhéanamh agus bheith níos féinmhuiníní.

Is léir ó shonraí na measúnachtaí go bhfuil éifeacht leis an phleanáil i gcás bhunús na bpáistí; mar shampla, de bharr gur tugadh isteach an córas foghlama litrithe chiúáilte, tá na páistí ábalta caighdeán a gcuid oibre a fheabhsú agus caighdeáin shásúla litearthachta a bhaint amach. Má dhéantar tuilleadh anailíse ar na sonraí, is léir go mbeidh tuilleadh tacaíochta ar bhonn níos déine de dhíth ar roinnt bheag páistí le feabhas a chur ar a gcuid oibre sa litearthacht agus san uimhearthacht. Moltar go dtabharfar am don chomhordaitheoir sainriachtanas oideachais leis an obair sin a chur i gcrích agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna oideachais do na páistí sin sa dóigh go mbeidh próifílí foghlama ann do pháistí a bheas ina gcuidiú ag múinteoirí ranga le hidirdhealú níos éifeachtaí a dhéanamh agus iad ag teagasc grúpaí. Is tábhachtach fosta go mbeidh na tuismitheoirí níos páirtí san obair a ghabhann le dul chun cinn a gcuid páistí féin.

## 4. **CEANNAIREACHT AGUS BAINISTÍOCHT**

### 4.1 CEANNAIREACHT

Tá an Príomhoide sa phost ó 1993 i leith. Caitheann sé a dhúthracht le saol agus le hobair na scoile. Is ceannaire daingean agus bainisteoir coinsiasach é; tá beirt mhúinteoirí shinsearacha mar chúntóirí aige agus iad freagrach as réimsí suntasacha de sholáthar oideachais na scoile a chomhordú. Tá post an Leas-Phríomhoide gan líonadh faoi láthair. Tá gach comhordaitheoir de chuid na scoile i ndiaidh freagairt go maith do na freagrachtaí bainisteoireachta a leagadh orthu. Tá a gcuid oibre ag cur go mór le caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa litearthacht agus san uimhearthacht agus tuigeann an fhoireann go soiléir go bhfuil sé mar fhreagracht orthu tuilleadh a chur leis na chaighdeáin sin.

Caithfidh foireann bainistíochta na scoile bheith ag obair níos éifeachtaí le spiorad na comhghleacaíochta a chothú sa scoil. Caithfear cur le ceannaireacht éifeachtach straitéiseach sa scoil lena chinntiú go mbeidh feabhsúchán buan ann agus, go fírinneach, go mbeidh cumas marthana sa scoil feasta.

## 4.2 PLEANÁIL LE HAGHAIDH FEABHSÚCHÁIN

Oibríonn an Príomhoide agus na comhordaitheoirí go coinsiasach agus iad ag déanamh faireacháin agus luachála ar an teagasc agus ar an fhoghlaim a dhéantar ar fud na scoile. I bhfianaise an aiseolais a fhaigheann siad déanann na múinteoirí machnamh maith ar a gcuid cleachtais.

Níl an Plean Forbartha Scoile de réir cheanglais na School Development Plans Regulations (Northern Ireland) 2005 agus ní dhéanann sé freastal ar thosaíochtaí reatha na scoile. Is cóir athbhreithniú uileghabhálach a dhéanamh air i bhfianaise chinntí na cigireachta reatha agus is cóir pobal iomlán na scoile a bheith páirteach ann ar bhealach a bhfuil éifeacht leis.

## 4.3 FORBAIRT AGUS ÚSÁID FOIRNE

Tá triúr múinteoirí tús gairme ar fhoireann na bunscoile agus tá múinteoir tús gairme eile freagrach as soláthar naí-oideachais. Oibríonn an múinteoir-theagascóir go héifeachtach lena chinntiú go dtugtar tacaíocht mar is cuí do na múinteoirí óga sin ina gcuid oibre. Tá an fhoireann uile i ndiaidh leas a bhaint as réimse de chúrsaí oiliúna inseirbhíse agus as deiseanna eile forbartha, go háirithe na cinn a bhain le feidhmiú Churaclam leasaithe Thuaisceart Éireann.

Agus an rang naíscoile san áireamh, tá trí rang cumaisc sa scoil. Tá an rang cumaisc is lú níos mó ná an rang neamhchumaisc is mó. Is múinteoirí tús gairme atá i mbun na ranganna cumaisc uile. Cé go bhfeadfaidh sé go bhfuil cúiseanna maithe taobh thiar de sin, ní mar sin is cuí.

## 4.4 CÓIRÍOCHT

Tá obair chrua déanta ag na múinteoirí le timpeallacht tharraingteach spreagthach foghlama a chruthú do na páistí. Mar sin féin tá cóiríocht na scoile uireasach agus easnamh mór uirthi de réir chaighdeáin na haimsire seo. Tá sí neamhoiriúnach agus ní dhéanann sí freastal ar riachtanais na bpáistí agus na múinteoirí, agus ní cuidiú ar bith sin chun caighdeáin a ardú.

## 4.5 ACMHAINNÍ, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AGUS RIALÚ

Faoi láthair tá barrachas suntasach buiséid ag an scoil. Is cóir sin a iniúchadh agus an leasú ar an Phlean Forbartha Scoile san áireamh.

Thuairiscigh na gobharnóirí go raibh sé ag cur isteach orthu gurbh éigean an oiread sin ama agus fuinnimh a caitheamh ar cheisteanna a bhain le gnóthaí foirne in áit bheith ag díriú ar ghnóthaí foghlama agus teagaisc. Faoi láthair níl siad páirteach go leor sa phróiseas a bhaineann le pleanáil forbartha scoile. Caithfidh siad páirt níos éifeachtaí a bheith acu in obair agus i saol na scoile, agus caithfidh siad níos mó béime a chur ar chuntasacht an Phríomhoide, ar an treo ina stiúrfar an scoil sa todhchaí agus ar cheisteanna dúshlánacha a chur.

## 5. CONCLÚID

5.1 Ar bhuanna na scoile tá:

- caighdeán an-ard na socruithe le haghaidh tréadchúraim;
- na páistí dea-mhúinte agus a ndearcadh dearfa ar an fhoghlaim a dhéanann siad;
- dúthracht na foirne a oibríonn go crua;
- caighdeán an teagaisc a chonacthas, agus a bhunús sin maith nó níos fearr;
- an ceangal láidir idir measúnú agus cleachtas ranga; agus
- ardchaighdeán oibre na gcomhordaitheoirí, an phleanáil uileghabhálach a dhéanann siad agus a ndúthracht agus iad i mbun faireacháin agus luachála.

5.2 Ar na réimsí atá le feabhsú cuimsítear:

- an gá go ndéanfar athbhreithniú ar úsáid na ball foirne agus na n-acmhainní le freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí uile;
- an gá go gceapfar Plean Forbartha Scoile ar bhonn níos cuimsithí agus níos comhoibrithí, plean ina leagfar amach fís fhadtréimhseacha don scoil agus ina gcuimseofar gníomhaíochtaí le tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí a gcuid foghlama a úsáid i suímh éagsúla, agus le cumas marthana na scoile a dhaingniú sa todhchaí; agus
- an gá go nglacfaidh na gobharnóirí, na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne páirt níos mó in obair na scoile lena cur chun cinn.

I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo sásúil; is treise na láidreachtaí ná na réimsí sa soláthar a bhfuil feabhsú uathu. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú a bhaineann le foghlaim agus teagasc agus le ceannaireacht agus bainistíocht, agus ar gá tabhairt fúthu má tá freastal níos éifeachtaí le déanamh ar riachtanais gach foghlaimeora. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na scoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

## 6. NAÍSCOIL DHOIRE

6.1 Tá Naíscoil Dhoire suite ar thailte Bhunscoil Cholmcille. Tagann na páistí a fhreastalaíonn ar an naíscoil ó cheantar mór máguaird ina gcuimsítear an chathair agus na ceantair tuaithe ina timpeall. Osclaíodh an naíscoil i Meán Fómhair 2002 agus i Meán Fómhair 2004 aistríodh chuig foirgneamh saintógtha í ar an suíomh atá anois aici. Tá áit súgartha bheag dhaingean ag an naíscoil amuigh faoin spéir. Faoi láthair tá 26 páiste ag freastal ar an naíscoil go lánaimseartha agus tá duine dhéag acu sa bhliain roimh an bhliain dheireanach réamhscoile.

6.2 D’fhreagair líon beag tuismitheoirí an ceistneoir agus scríobh duine amháin acu tuairimí breise ann. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí ó na tuismitheoirí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais; is mór ag na daoine a d’fhreagair an fhoireann charthanach agus an t-atmaisféar cluthar cairdiúil sa naíscoil.

6.3 Comhlánaíodh ceistneoir amháin do mhúinteoirí; is é an tuairim a nochtadh ann go raibh fiúntas mór i ngach gné d’obair na naíscoile. Cuireadh na fhreagairtí do na ceistneoirí uile sa chuntas mar chuid den chigireacht agus cuireadh in iúl don fhoireann agus do na gobharnóirí iad.

6.4 Tá caighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim maith. Is dream carthanach an fhoireann agus is maith a oibríonn siad mar mheitheal; léiríonn siad gur mór a ndílseacht do leas na bpáistí.

6.5 Tá socruithe sásúla ag an naíscoil leis na páistí a choinneáil sábháilte. Léirítear sna socruithe sin na treoracha a d’eisigh an Roinn Oideachais. Cloíonn an naíscoil le polasaithe agus le modhanna oibre na Bunscoile. Bheadh sé le leas na naíscoile dá mbeadh duine ainmnithe acu le maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthaí a bhaineann le cosaint páistí sa naíscoil.

6.6 Cuireann an fhoireann béim an-mhór ar mhodhanna le nósanna sláintiúla itheacháin agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, agus tá polasaithe agus cláir éifeachtacha ann chun páistí a spreagadh le stíl bheatha sláintiúil a bheith acu.

6.7 Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an naíscoil:

- tá an timpeallacht foghlama geal, tarraingteach, dathannach; baintear úsáid mhaith as an spás uile atá ar fáil le háiteanna éagsúla súgartha a sholáthar;

- bíonn caidreamh maith ann leis na tuismitheoirí; úsáidtear modhanna oiriúnacha le heolas faoin chlár oideachais agus faoi dhul chun cinn na bpáistí a thabhairt do na tuismitheoirí;

- is inniúil féinmhuiníneach a bhíonn an fhoireann ar úsáid na Gaeilge agus iad ábalta freastal iomlán a dhéanamh ar riachtanais teanga na bpáistí; agus

- is crua-oibrithe dúthrachtacha carthanacha iad an fhoireann; tagann siad le chéile go rialta leis an chlár oideachais a phleanáil agus úsáidtear téamaí oiriúnacha le héagsúlacht a chur ar fáil do na páistí i rith na bliana agus iad ag foghlaim.

6.8 Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.

- Caithfidh an naíscoil athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe le páistí a shocrú isteach lena chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais éagsúla gach páiste.

- Caithfidh an fhoireann a chinntiú go dtuigeann na páistí uile na straitéisí atá leagtha amach sa pholasaí ar bhainistiú iompair, agus go gcuirfidh an fhoireann i bhfeidhm go héifeachtach iad.

- Caithfidh an fhoireann an dóigh a n-eagraítear an lá a fheabhsú lena chinntiú go n-úsáidfear an t-am uile go héifeachtach le foghlaim a chur chun cinn.

6.9 I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an t-ionad seo uireasach; is treise na réimsí a bhfuil feabhsú uathu ná na láidreachtaí sa soláthar. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú a bhaineann leis an chaighdeán atá bainte amach in obair na bpáistí, le caighdeán na foghlama agus an teagaisc agus le caighdeán na ceannaireachta agus na bainisteoireachta, agus caithfear tabhairt fúthu sin uile go práinneach má tá an eagraíocht le freastal go héifeachtach ar riachtanais gach foghlaimeora.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na naíscoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin thar thréimse 12-18 mí.

**FAISNÉIS STAITISTIÚIL FAOI NAÍSCOIL DHOIRE**

## 1. Sonraí na bPáistí

| **Líon páistí:** | Rang 1 | Rang 2 |
|---|---|---|
| Tinreamh lánaimseartha | 26 | 0 |
| Tinreamh páirtaimseartha | 0 | 0 |
| Faoi bhun 3 bliana d’aois* | 11 | 0 |
| A bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | 0 |
| Ag céim 3 nó 4 den Chód Cleachtais** | 0 | 0 |
| Ag céim 1 nó 2 den Chód Cleachtais** | 2 | 0 |
| A bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | 0 |

* Ar 1 Iúil.
** Is iad na céimeanna a luaitear na céimeanna atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Páistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu a Aimsiú agus a Mheasúnú

| | |
|---|---|
| Céatadán atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 nó 2 de chuid na Roinne Oideachais. | 2 |
| Tinreamh ar an mheán don bhliain roimhe sin. | 90% |

## 2. Fad Seisiún

| **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha: am** | **Páirtaimseartha: pm** |
|---|---|---|
| 4½ uair an chloig | - | - |

## 3. Sonraí na mBall Foirne

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Múinteoirí | **1** | **0** |
| Cúntóirí Naíscoile | **1** | **0** |
| Cúntóirí Naíscoile Cáilithe | **0** | **0** |

| **Líon: ***** | |
|---|---|
| **Mic léinn** | **0** |
| **Oiliúnaithe** | **0** |

*** Iomlán socrúchán a rinneadh ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 4. Ceistneoirí do thuismitheoirí (le comhlánú ag Brainse na Seirbhíse Cigireachta)

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh | **26** |
| Céatadán a fuarthas ar ais | **15%** |
| Líon na dtuairimí scríofa | **1** |

**FOSCRÍBHINN**

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Tá an scoil suite ar thalamh a bhfuil fána leis agus ní raibh go leor greanchloch air agus é contúirteach le linn aimsir oighreata.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk